# Nuachtlitir Oideachas Reiligiúnach na Sraithe Sóisearaí: Meán Fómhair

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

@jct_RE www.jct.ie info@jct.ie

A Chomhghleacaithe, a chairde OR

Fáilte chuig eagrán Mheán Fómhair de nuachtlitir OR na Sraithe Sóisearaí. Fáilte ar ais tar éis samhradh sábháilte agus suaimhneach a bheith agaibh, tá súil againn. Is bliain chorraitheach í seo do mhúinteoirí OR agus an chéad chohórt scoláirí ag leanúint ar aghaidh lena dturas foghlama go dtí an 3ú bliain agus beidh na heispéiris nua againn a thiocfaidh leis sin lena n-áirítear MRB 2 agus an scrúdú deiridh. Tugann an nuachtlitir seo breac-chuntas ar na tacaí atá ar fail daoibh faoi láthair.

## Seo daoibh an fhoireann

Tá an-áthas orainn fáilte a chur roimh ár gcuid comhairleoirí nua, Róisín agus Kieran, chuig ár bhfoireann! Táimid ag súil le bheith ag obair le chéile i mbliana chun tacú le múinteoirí OR.  r fáil daoibh faoi láthair.




## MRB: Treoirlínte Measúnaithe


Ghlac an CNCM le haiseolas ó mhúinteoirí a chríochnaigh MRB 1 agus ó na páirtithe leasmhara oideachais eile chun soiléireacht agus fócas níos fearr a thabhairt don phróiseas MRB san Oideachas Reiligiúnach.

Mar thoradh air sin, tá athbhreithniú déanta ag an CNCM ar Threoirlínte do Mheasúnuithe Rangbhunaithe Oideachas Reiligiúnach na Sraithe Sóisearaí.

Is iad seo roinnt de na príomhleasuithe:

https://curriculumonline.ie/getmedia/ff1ce67e-383a-4b07-93b9-ecd75eaa77a9/RE-Assessment-Guidelines-EN.pdf

Laghdú ar líon na dtorthaí nasctha do gach MRB chun fócas níos soiléire a sholáthar
Foclaíocht leasaithe do chomhairle an mhúinteora chun soiléireacht a chur ar fáil agus béim a leagan ar ról an mhúinteora sa phróiseas Ábhar tacaíochta nua do scoláirí curtha ar fáil san aguisín.




Tá na treoirlínte nuashonraithe ar fáil anois ar líne anseo:

Tabhair faoi deara gur Iúil 2021 an dáta atá ar an eagrán athbhreithnithe. Caith amach an t-eagrán roimhe seo.

## Seimineár Gréasáin FGL MRB

An bhfuil tú ag lorg tacaíochta chun dul i ngleic leis na MRBnna? Gheobhaidh tú taifeadadh ar ár seimineár gréasáin FGL anseo:

https://www.youtube.com/watch?v=nZLSVYbEY0w

## MRB 1 Samplaí Anótáilte

Ceann de na tacaí atá ar fáil duit is ea samplaí CNCM de shaothar scoláirí do MRB 1. Beidh siad sin ag teastáil uait do do chruinniú AFMÁ. Is féidir iad sin a fháil anseo:

**https://curriculumonline.ie/Junior-cycle/Junior-Cycle-Subjects/Religious-Education/Examples-of-Student-Work/Examples-of-Classroom-Based-Assessment/**


@jct_RE www.jct.ie info@jct.ie

## MRB 2

Gheobhaidh tú tuilleadh ábhair thacaíochta ar MRB 1 agus MRB 2 faoin gcluaisín measúnaithe ar www.jct.ie

Cuirfimid FGL breise ar fáil ar MRB 2 i mí Dheireadh Fómhair.

Sonraí le deimhniú



## Socruithe MRB don 3ú bliain 2021/2022

Ní mór ar a laghad MRB amháin a dhéanamh agus tuairisciú air
Is féidir 2 MRB a dhéanamh agus tuairisc a thabhairt ar an dá cheann
Is féidir le scoláirí tuairisc a thabhairt ar MRB amháin fiú má bhíonn siad ag plé le 2 cheann
Níl aon Tasc Measúnaithe ann i mbliana.

Cibé rogha a dhéanann do scoil, is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil na MRBnna comhtháite sa tsonraíocht agus go bhfuil siad ailínithe le torthaí foghlama ar leith atá mar chuid den scrúdú suimitheach freisin. Mar sin, cé gur ócáidí suimitheacha iad na MRBnna i dturas foghlama na scoláirí, tá luach foirmitheach acu freisin chun foghlaim scoláirí a thabhairt chun cinn.

## Fuinneoga MRB do 2021/2022

https://ncca.ie/media/5145/cba-revised-arrangements_06092021_ga.pdf

***Tabhair do d'aire: Tá feidhm ag na gnáthshocruithe do MRBnna don dara bliain reatha mar atá leagtha amach i sonraíocht agus i dtreoirlínte measúnaithe an OR.***


## Míreanna measúnaithe samplacha CNCM

Tá roinnt ceisteanna measúnaithe samplacha ullmhaithe ag an CNCM chun cabhrú le múinteoirí ina gcur chuige maidir le measúnú a dhéanamh ar shonraíocht Oideachas Reiligiúnach na Sraithe Sóisearaí ag leibhéal comónta.

https://curriculumonline.ie/Junior-cycle/Junior-Cycle-Subjects/Religious-Education/

Ba chóir glacadh leis na míreanna atá anseo mar shamplaí de cheisteanna measúnaithe is féidir a úsáid chun measúnú ranga a threorú. Níl siad ionadaíoch ar an raon leathan de mhodhanna measúnaithe a d'fhéadfaí a úsáid. Ní iarracht iad ar na cineálacha ceisteanna a thaispeáint a bheidh le feiceáil ar an scrúdpháipéar ná ar an leagan amach a d'fhéadfadh a bheith ar an scrúdpháipéar. Eiseoidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) ábhar scrúdaithe samplach níos déanaí an téarma seo.

Bíonn formhór na ndaoine ag meabhrú cén fáth a bhfuil muid anseo agus ag fiafraí cad é brí agus cuspóir na beatha? Tabhair breac-chuntas ar dhá fhreagra éagsúla ar an gceist sin a ndearna tú staidéar orthu.




## Athfhriotal na míosa

*"Nuair a chuirimid misneach agus comhbhá, teanntás agus cineáltas le chéile, cabhraíonn ár neart agus ár séimhe bhunúsach linn a bheith san áit ina mbímid."*
— A.H. Almaas

## Liosta ríomhphoist

Má tá aon chomhghleacaithe agat nach bhfuair an nuachtlitir seo, spreag iad chun clárú lenár liosta seoltaí anseo:

Le gach dea-mhéin,

*Foireann an Oideachais Reiligiúnaigh*